OLLSCOIL na hÉIREANN - NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND
49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2/49 Merrion Square, Dublin 2
Fón/Phone: (+ 353 1) 439 2424; *Facs*/Fax: (+ 353 1) 439 2470
awards@nui.ie; www.nui.ie

TRÍ CHOMHALTACHT IAR-DHOCHTÚIREACHTA SA LÉANN ÉIREANNACH LE COTHROM CHÉAD BLIAIN OLLSCOIL NA hÉIREANN A CHOMÓRADH

Tairgtear na Comhaltachtaí Spesialta seo chun Cothrom Chéad Bliain Ollscoil na hÉireann a cheiliúradh

RIALACHÁIN, COINNÍOLLACHA agus AN MODH IARRATAIS 2008

1. Comhaltachtaí Iar-Dhochtúireachta sa Léann Éireannch á dtairiscint ar bhonn iomaíochta i 2008

Cuireann Ollscoil na hÉireann fáilte roimh iarratais ar thrí Chomhaltacht Iar-Dhochtúireachta sa Léann Éireannach. Tá na Comhaltachtaí ar fáil do lucht léinn thar an raon staidéir ar chultúr agus oidhreacht na hÉireann, lena n-áirítear an Teanga, an Litríocht, an Teangeolaíocht, an Béaloideas, an Stair agus an tSeandálaíocht.

Riamh anall ó bunaíodh í sa bhliain 1908, tá tiomantas faoi leith ag Ollscoil na hÉireann don oideachas agus don léann sna réimsí uile staidéir ar chultúr agus oidhreacht na hÉireann. Mar sin, i mbliain seo Chomóradh Céad Bliain na hOllscoile, is breá le hOllscoil na hÉireann an trí Chomhaltacht spesialta sa Léann Éireannach seo a thairiscint.

2. Luach na gComhaltachtaí: €80,000

Is fiú €80,000 gach Comhaltacht, i.e. €40,000 in aghaidh na bliana, a íocfar ina ghálaí thar thréimhse dhá bhliain.

3. Aidhmeanna

Is í is aidhm do na Comhaltachtaí spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do mhic léinn iar-dhochtúireachta den chéad scoth forbairt a dhéanamh ar a gcuid taighde sna réimsí den Léann Éireannach, mar a sainmhíníodh thuas iad, sna gComh-Ollscoileanna nó sna Coláistí Aitheanta de chuid Ollscoil na hÉireann. Beifear ag súil, i ngach cás, go mbeidh sé mar thoradh ar an taighde a thabharfar faoi go gcuirfear go mór leis an eolas atá ar fáil cheana i dtaobh an ábhair agus gur fiú é a fhoilsiú.

4. Téarmaí agus Coinníollacha na Comhaltachta

4.1 Coinníollacha Iontrála

(i) Is iad atá i dteideal cur isteach ar an gComhaltacht ná céimithe a bhfuil dochtúireachtaí acu ó ollscoileanna nó institiúidí ardoideachais aitheanta in Éirinn nó thar lear agus gur i gceann ar bith de réimsí an Léinn Éireannaigh, mar atá sainmhínithe thuas**,** atá an chéim dochtúra sin acu.

(ii) Níl baill foirne lánaimseartha sna Comh-Ollscoileanna ná sna Coláistí Aitheanta de chuid Ollscoil na hÉireann *ná* in institiúidí ardoideachais eile i dteideal cur isteach ar an gComhaltacht seo.

4.2 Sealbhaíocht

Sealbhófar an Chomhaltacht Iardhochtúireachta in Ollscoil na hÉireann. Is féidir leis an gComhalta gabháil leis an gComhaltacht in aon cheann de Chomh-Ollscoileanna ná Coláisti Aitheanta d'Ollscoil na hÉireann, faoi réir cheadú an tSeanaid agus na hinstitiúide sin. Beidh an Comhalta lonnaithe i Roinn áirithe i gceann de na hInstitiúidí sin.

4.3 Dualgais

Beidh sé de dhualgas ar an gComhalta saothar taighde a bhfuil téagar ann a chur i gcrích agus na torthaí a fhoilsiú i bhfoirm leabhair nó mar altanna in irisí faoi mholadh léitheora, agus admháil ann ar an tacaíocht a fuarthas ó Ollscoil na hÉireann. Chomh maith leis sin, beidh sé de dhualgas ar an gComhalta seiminéar a thabhairt sa Roinn a leagfar amach dó/di, agus/nó laistigh de chóras Ollscoil na hÉireann, agus ó am go ham, páirt a ghlacadh sna cláir a thairgtear sa Roinn, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach thíos.

4.4 Freagracht do Cheann na Roinne/Scoile

Beidh an Chomhalta freagrach do Cheann na Roinne/Scoile sa Institiúid de chuid Ollscoil na hÉireann a leagfar amach dó/di agus ina dhiaidh sin do Sheanad na hOllscoile. Beidh sé de dhualgas ar an gComhalta tuairisc ar dhul chun cinn na hoibre a thabhairt do Cheann na Roinne/Scoile, nó d'údarás ainmnithe eile sa chomh-ollscoil ina mbeidh sé/sí lonnaithe. Beidh sé de dhualgas ar Cheann na Roinne/Scoile tuairisc ar dhul chun cinn na hoibre a thabhairt don Seanad. Athnuafar an Chomhaltacht ag deireadh na chéad bhliana, ach tuairisc chuimsitheach shásúil a fháil ó Cheann na Roinne/Scoile.

4.5 Tacaíocht ón Institiúid

Soláthróidh an Roinn/Scoil a leagfar amach do sealbhóir na Comhaltachta cóir oifige, teileafón, ríomhaire pearsanta, agus na gnátháiseannaa a chuirtear ar fáil d'fhoireann acadúil na Roinne/Scoile sin. Ní foláir d'iarrthóirí agus iad ag cur isteach ar an gComhaltacht, aon sainháiseanna a bheadh riachtanach dár gcuid taighde a lua.

4.6 Uaireanta Oibre

Is Comhaltacht lánaimseartha an Chomhaltacht agus is iad na huaireanta oibre iad sin a bhfuil gá reasúnta leo chun dualgais an phoist a chomhlíonadh, agus gnásanna atá inghlactha go sóisialta á gcur san áireamh. Ní ceadmhach don sealbhóir aon phost eile a bheith ina sheilbh aige/aici ná tabhairt faoi aon obair ar dóigh leis an Seanad gur obair í a laghdódh nó a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh coinníollacha na Comhaltachta.

4.7 Íocaíochtaí na Comhaltachta

Déanfar íocaíochtaí míosúla trí chuntas bainc, a roghnós an sealbhóir, ar an lá oibre deireanach den mhí, le héifeacht ó dháta a aontófar.

4.8 Tréimhse Fógra

Féadfar deireadh a chur le ceapachán trí fhógra nach lú ná trí mhí i scríbhinn arna thabhairt ag an Ollscoil nó ag sealbhóir na Comhaltachta. Má bhíonn fógra níos lú ná sin i gceist, beidh gá le toiliú Cheann na Roinne/Scoile leis sin, ag féachaint dó/di do dhualgais agus chúraimí an tsealbhóra ag an am.

4.9 Scor Comhaltachta agus Cead Achomhairc

Más é cinneadh an tSeanaid nach bhfuil coinníollacha Comhaltachta á gcomhlíonadh go sásúil, beidh sé de cheart ag an Seanad an Chomhaltacht sin a scor. Sá chás sin, beidh cead achomhairc ag sealbhóir na Comhaltachta sin chuig fo-choiste de Bhuan-Choiste an tSeanaid.

5. Modh Iarratais

(a) Foirmeacha Iontrála

Tá foirmeacha iontrála ar fáil ó: An Cláraitheoir, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, fón: 01 4392424, teileachóip: 01 4392470, ríomh-phost: awards@nui.ie, nó www.nui.ie. Is é **Dé hAoine, 30 Bealtaine 2008** an dáta deireanach iontrála.

(b) Achoimre den Tionscnamh Taighde a dhéanfar le linn na Comhaltachta
Ní foláir d'iarrthóirí mion-ráiteas (1,500 - 2,000 focal) a chur isteach ag cur síos ar an taighde a mbeadh brath acu tabhairt faoi agus an Chomhaltacht acu, agus más cuí, aon trealamh nó taisteal nó sainái seanna a bheadh riachtanach don obair a lua.

(c) Rogha Institúide de chuid Ollscoil na hÉireann agus Rogha Roinne/Scoile
Ba cheart d'iarrthóirí an Institiúid de chuid Ollscoil na hÉireann agus an Roinn/na Ranna nó an Scoil/na Scoileanna go mb'bhfearr leo beith lonnaithe iontu a lua, agus cúiseanna a thabhairt lena rogha/nna.

Ní foláir d'iarrthóirí litir a chur isteach ó Cheann na Roinne/Scoile sin á rá go dtacaíonn sé/sí leis an iarratas agus, sá chás go n-eireodh leis an iarratas go gcuirfí ar fáil pé cóir oifige, áiseanna agus acmhainní a bheadh riachtanach don obair.

(d) Curriculum Vitae agus Trascríbhinn Acadúil Deimhnithe
Ba cheart cuntas a bheith sa curriculum vitae ar a bhfuil bainte amach go hacadúil agus ar bhealaí iomchuí eile ag an iarrthóir. Ba chóir torthaí bunchéime agus iarchéime a bheith mar chuid de na trascríbhinní acadúla deimhnithe.

(e) Deontais agus Foilsiúcháin Roimhe Seo
Ba chóir d'iarrthóirí eolas a thabhairt ar a gcuid deontas taighde agus foilsiúcháin acadúla, más ann dóibh.

(f) Moltóirí
Caithfidh iarrthóirí beirt mholtóir a lua. Tá foirm mholtóra le líonadh faoi rún istigh leis an bhfoirm iontrála, agus ba cheart don iarrthóir an fhoirm sin a thabhairt don bheirt moltóir. Tá na foirmeacha comhlánaithe le cur ar ais díreach chuig Ollscoil na hÉireann ag na moltóirí féin faoin dáta deireanach iontrála, dé hAoine, 30 Bealtaine 2008.
Tá an dualgas ar an iarrthóir, afach, a dhéanamh deimhin de go gcuirtear ar aghaidh na foirmeacha comhlánaithe chuig Ollscoil na hÉireann in am.

(g) An Próiseas Roghnaithe
Tar éis na hiarratais scríofa a bhreathnú, glaofar iarrthóirí chun agallaimh maidir le bronnadh na gComhaltachtaí. Ag brath ar líon na n-iarrthóirí, d'fhéadfaí gur ghá gearrliosta a dhéanamh díobh. Sa chás san, ní ghlaofaí gach iarrthóir chun agallaimh. Beifear ag súil go dtionólfar na hagallaimh i mí Iúil 2008.

6. Cáipéisí le cur isteach
Ní foláir na foirmeacha iontrála comhlánaithe, maraon le **SÉ** chóip den (i) achoimre den tionscnamh taighde (ii) curriculum vitae (iii) trascríbhinn acadúil deimhnithe (iv) litir tacaíochta ón Cheann Roinne/Scoile san institiúid inar mhaith leis an iarrthóir bheith lonnaithe, a chur isteach chuig: An Cláraitheoir, Ollscoil na hÉireann, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, faoi **Dé hAoine**, **30 Bealtaine 2008;** an dáta deireanach iontrála.

Cé go nglacfar le hiarratais trí theileachóip nó tríd an ríomh-phost, ba chóir cruachóipeanna díobh sin a chur isteach ina dhiaidh sin i ngach cás.